



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

**IARRATAS AR SHEIRBHÍSÍ EASTÁT TITHÍOCHTA A GHLACADH FAOI
CHÚRAM**

Ainm an Iarratasóra:	
Seoladh:	
Uimhir Theileafóin:	
Eastát Tithíochta ag:	
Ainm an Eastáit Tithíochta	
An Líon Tithe	
Uimhir/uimhreacha tagartha Cead Pleanála	
Má bhaineann an t-iarratas le céim forbartha ar leith, luaigh an chéim sin	
An bhfuil sé amhlaidh gur fhorbair tú an scéim?	Tá
	Níl
Mura bhfuil tú/sibh ar an duine/na daoine ar deonaíodh cead(anna) pleanála dó/di/dóibh, mínigh an gaol leis an duine/na daoine ar deonaíodh cead(anna) pleanála dó/di/dóibh:	
An bhfuil sé amhlaidh gur díoladh na tithe uile?	Tá
	Níl
An bhfuil tú ar úinéir dlíthiúil na seirbhísí san eastát, mar atá bóithre,	Tá

séaraigh agus spásanna oscailte, i measc nithe eile, faoi láthair?	Níl
Mura bhfuil, tabhair ainm úinéir na seirbhísí sin agus mínigh do ghaol leis an úinéir:	
An bhfuil gach ceann de choinníollacha an cheada/na gceadanna pleanála lena mbaineann comhlíonta agat?	Tá
	Níl
Mura bhfuil, luaigh do thograí agus an t-amscála le haghaidh comhlíonadh:	
An bhfuil na seirbhísí a bhfuil glacadh faoi chúram á lorg ina leith ag comhlíonadh na gcaighdeán?	
Teagmhálaí agus uimhir theileafóin le haghaidh socrúithe a dhéanamh d'iniúchadh ag an Chomhairle ar na seirbhísí:	
Ainm d'Aturnae	
Seoladh d'Aturnae	
Foinse an tsoláthair uisce	
An bhfuil caidéal teannbhrú soláthair uisce ag an scéim?	Tá
	Níl
An bhfuil sé amhlaidh go ndiúscaítear camras chuig an séarach poiblí?	Tá
	Níl
Mura bhfuil, sonraigh an modh diúscairthe camrais agus luaigh cé na hionaid chóireála (más ann) atá ann ar an láithreán:	

Tabhair mionsonraí faoi na conarthaí uile atá i bhfeidhm faoi láthair le Tríú Páirtithe a sholáthraíonn caidéal teannbhrú soláthair uisce agus ionaid chóireála camrais, i measc nithe eile, agus luaigh costas bliantúil na cothabhála -		
Luaigh na seirbhísí atá laistigh den scéim faoi láthair agus cuir tic leo sin a bhfuil glacadh faoi chúram á lorg ina leith.		
1.	Piobáin soláthair uisce	
2.	Caidéal teannbhrú uisce (más ann)	
3.	Piobáin chamrais	
4.	Umar seipteach	
5.	Bóithre (lena n-áirítear cosáin, i measc nithe eile)	
6.	Soilsiú poiblí	
7.	Spásanna oscailte	
8.	Eile - Tabhair sonraí	
Faisnéis Bhreise (más ann) mar thaca leis an iarratas ar ghlacadh faoi chúram		

Déanaim iarratais leis seo ar na seirbhísí thuas a bheith á nglacadh faoina cúram ag Comhairle Contae Dhún na nGall, an tÚdarás Áitiúil. Táim eolach gurb amhlaidh, i gcás go gcomhaontófar an glacadh faoi chúram, go mbeidh sé faoi réir na dtéarmaí a mhionsonraítear ar an chéad leathanach eile agus faoi réir na dtéarmaí eile sin a chinnfidh an tÚdarás Áitiúil.

Sínithe: _____

Dáta: _____

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA GHLACADH NA SEIRBHÍSÍ SCÉIME TITHÍOCHTA FAOI CHÚRAM AGUS AN NÓS IMEACHTA INA LEITH

1. Níor cheart an t-iarratas a dhéanamh ach amháin tar éis an t-eastát a chríochnú de réir théarmaí an cheada/na gceadanna pleanála lena mbaineann, lena n-áirítear na coinníollacha atá ceangailte leis/leo.
2. Is féidir go mbeidh táille próiseála le híoc.
3. Déantar an t-iarratas chuig Teach an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall, agus “Glacadh Eastát faoi Chúram” marcáilte air.
4. Ba cheart líníocht(aí) den fhorbairt thógtha a chur isteach i dteannta an iarratais, ar líníocht(aí) í/iad ina léirítear na seirbhísí go léir agus na tailte, a chuimsíonn bóithre, i measc nithe eile, atá le haistriú chuig an Chomhairle.
5. Laistigh de dhá sheachtain ón iarratas a fháil, eiseoidh an Chomhairle admháil go bhfuarthas an t-iarratas agus, má theastaíonn doiciméid bhreise chun go mbeifear in ann an t-iarratas a phróiseáil, cuirfear an méid sin in iúl don Iarratasóir.
6. Déanfaidh an Chomhairle iniúchadh ar an láithreán laistigh de cheithre seachtaine ón dáta a fuarthas na doiciméid ar fad agus cuirfidh sí in iúl don Iarratasóir laistigh de dhá sheachtain ina dhiaidh sin cé na ceanglais amuigh (más ann) nach mór a chomhlíonadh roimh ghlacadh faoi chúram.
7. Admhóidh an tIarratasóir go bhfuarthas na ceanglais amuigh agus cuirfidh sé/sí in iúl don Chomhairle cén uair a chomhlíonfar na ceanglais sin. Ba cheart don Iarratasóir an méid sin a chur in iúl don Chomhairle ansin agus socruithe a dhéanamh don iniúchadh deiridh.
8. Eagróidh an tIarratasóir go ndéanfaidh a (h)Aturnae na bearta uile is gá chun an teideal i leith tailte, a chuimsíonn bóithre, i measc nithe eile, a aistriú chuig an Chomhairle. Cuirfidh Aturnae an Iarratasóra an t-aistriú riachtanach ar aghaidh chuig an Chomhairle go díreach. A luaithe a chuireann an dá pháirtí an t-aistriú i gcrích, taiscfidh Aturnae an Iarratasóra na doiciméid le Clárlann na Talún. Faoi réir na ceanglais uile eile a chomhlíonadh, leanfaidh an Chomhairle leis an ghlacadh faoi chúram ón dáta a deimhníodh gur taisceadh na doiciméid. Éileofar deimhniú ón Aturnae, mar atá luaite sa doiciméad faoi iamh.
9. Níor cheart iarratas ar ghlacadh faoi chúram a dhéanamh i dtaca le haon seirbhísí ar ina leith atá conradh ag an Iarratasóir le sealbhóirí tí nó le daoine eile á lua go ndéanfar na seirbhísí sin a chothabháil go príobháideach. Barántaíonn an tIarratasóir, mar chuid dá (h)iarratas, nach bhfuil aon srianta conarthacha den sórt sin i bhfeidhm i bhfabhar Tríú Páirtithe nó, mar mhalairt air sin, go bhfuil Tríú Páirtithe den sórt sin ag toiliú leis an ghlacadh faoi chúram.